Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

21 Aibreán 2020

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

CINNTÍ

★ **Cinneadh (AE) 2020/545 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2020 maidir le leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta chun bearta buiséadacha láithreacha a mhaoiniú i gcomhthéacs ráig COVID-19 agus le haghaidh athneartú ar Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh** 1

★ **Cinneadh (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2020 maidir leis an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh chun bearta buiséadacha láithreacha a mhaoiniú i gcomhthéacs ráig COVID-19** 3

★ **Cinneadh (AE) 2020/547 ó Pharlaimint an hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2020 maidir leis an gCorrlach Teagmhais a shlógadh in 2020 chun cúnamh éigeandála a chur ar fáil do na Ballstáit agus an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta/rescEU a threisiú a thuilleadh mar fhreagairt ar ráig COVID-19** 5

GA

* Faoin tagairt L 125 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2020/545 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Aibreán 2020

maidir le leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta chun bearta buiséadacha láithreacha a mhaoiniú i gcomhthéacs ráig COVID-19 agus le haghaidh athneartú ar Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i dtaca le hábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais ([1]), agus go háirithe pointe 12 de*,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas,

(1) Tá sé beartaithe leis an Ionstraim Sholúbthachta go mbeifear in ann caiteachas a mhaoiniú, ar caiteachas é a shainaithnítear go soiléir agus nach bhféadfaí a mhaoiniú faoi na huasteorainneacha a bheadh le fáil le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na ceannteidil eile.

(2) Is é EUR 600 000 000 (praghsanna 2011), mar a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ([2]), ón gComhairle, uasteorainn an mhéid bhliantúil a bheidh ar fáil le haghaidh na hIonstraime Solúbthachta, agus í sin arna méadú, i gcás inarb infheidhme, le méideanna gan chaitheamh a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 1 den Airteagal sin.

(3) Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin i gcomhthéacs ráig COVID-19, ní mór méideanna a fhorscaoileadh chun bearta iomchuí a mhaoiniú mar ábhar práinne. Ní mór freisin foráil a dhéanamh maidir leis an maoiniú le haghaidh athneartú riachtanach Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.

(4) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí uile i ndáil le leithreasuithe a ath-leithdháileadh faoi na huasteorainneacha caiteachais do cheannteideal 3 (*Slándáil agus saoránacht*), is gá leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta chun forlíonadh EUR 73 300 000 a chur leis an maoiniú i mbuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2020 thar uasteorainn cheannteideal 3 chun bearta láithreacha a mhaoiniú i gcomhthéacs ráig COVID-19 agus le haghaidh athneartú ar chun Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.

(5) Ar bhonn na próifíle íocaíochta lena bhfuiltear ag súil, na leithreasuithe íocaíochta a chomhfhreagraíonn do leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta, ba cheart iad a leithdháileadh thar dhá bhliain airgeadais.

(6) Tá an cinneadh seo nasctha le maoiniú a áirítear i mbuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain 2020. Chun an comhleanúnachas leis an mbuiséad leasaitheach a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ar dháta a ghlactha,

([1]) IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do bhliain airgeadais 2020, úsáidfear an Ionstraim Sholúbthachta chun EUR 73 300 000 a sholáthar i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí faoi cheannteideal 3 (*Slándáil agus saoránacht*).

Úsáidfear an méid sin chun bearta láithreacha a mhaoiniú i gcomhthéacs ráig COVID-19 agus le haghaidh athneartú ar Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.

2. Ar bhonn na próifíle íocaíochta lena bhfuiltear ag súil, is é seo a leanas meastachán na leithreasuithe íocaíochta a chomhfhreagraíonn do leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta:

(a) EUR 43 300 000 in 2020;

(b) EUR 30 000 000 in 2021.

Déanfar na méideanna sonracha de leithreasuithe íocaíochta le haghaidh gach bliana airgeadais a údarú i gcomhréir leis an nós imeachta buiséadach bliantúil.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 17 Aibreán 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Aibreán 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
D. M SASSOLI	G. GRLIĆ RADMAN

CINNEADH (AE) Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

an 17 Aibreán 2020

maidir leis an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh chun bearta buiséadacha láithreacha a mhaoiniú i gcomhthéacs ráig COVID-19

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i dtaca le hábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais ([1]), agus go háirithe pointe 12 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé beartaithe leis an Ionstraim Sholúbthachta go mbeifear in ann caiteachas a mhaoiniú, ar caiteachas é a shainaithnítear go soiléir agus nach bhféadfaí a mhaoiniú faoi na huasteorainneacha a bheadh le fáil le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na ceannteidil eile.

(2) Is é EUR 600 000 000 (praghsanna 2011), mar a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ([2]), ón gComhairle, uasteorainn an mhéid bhliantúil a bheidh ar fáil le haghaidh na hIonstraime Solúbthachta, agus í sin arna méadú, i gcás inarb infheidhme, le méideanna gan chaitheamh a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 1 den Airteagal sin .

(3) Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin i gcomhthéacs ráig COVID-19, ní mór méideanna a shlógadh chun bearta iomchuí a mhaoiniú mar ábhar práinne.

(4) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí uile i ndáil le leithreasuithe a ath-leithdháileadh faoi na huasteorainneacha caiteachais do cheannteideal 3 (Slándáil agus Saoránacht), is gá an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh chun forlíonadh EUR 243 039 699 a chur leis an maoiniú i mbuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2020 thar uasteorainn cheannteideal 3 chun bearta láithreacha a mhaoiniú i gcomhthéacs ráig COVID-19. Comhlánaíonn an méid sin maoiniú ón Ionstraim Sholúbthachta a slógadh i gcomhthéacs bhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad ginearálta an Aontais do 2020.

(5) Ar bhonn na próifíle íocaíochta lena bhfuiltear ag súil, na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta a chomhfhreagraíonn do shlógadh na hIonstraime Solúbthachta, ba cheart iad a leithdháileadh thar roinnt blianta airgeadais.

(6) Tá an cinneadh seo nasctha le maoiniú a áirítear i mbuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad ginearálta an Aontais don bhliain 2020. Chun an comhleanúnachas leis an mbuiséad leasaitheach a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ar dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2020, déanfar an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh chun EUR 243 039 699 a sholáthar i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí faoi cheannteideal 3 (*Slándáil agus Saoránacht*).

Úsáidfear an méid sin chun bearta láithreacha a mhaoiniú chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim sláinte atá ann faoi láthair san Aontas Eorpach a eascraíonn as ráig COVID-19.

([1]) IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

2. Ar bhonn na próifíle íocaíochta lena bhfuiltear ag súil, is é seo a leanas meastachán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta a chomhfhreagraíonn do shlógadh:

(a) EUR 123 950 247 in 2020;

(b) EUR 71 453 672 in 2021;

(c) EUR 23 817 890 in 2022;

(d) EUR 23 817 890 in 2023.

Article 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 17 Aibreán 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Aibreán 2020.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. GRLIĆ RADMAN

CINNEADH (AE) 2020/547 Ó PHARLAIMINT AN HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

an 17 Aibreán 2020

maidir leis an gCorrlach Teagmhais a shlógadh in 2020 chun cúnamh éigeandála a chur ar fáil do na Ballstáit agus an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta/rescEU a threisiú a thuilleadh mar fhreagairt ar ráig COVID-19

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i dtaca le hábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais ([1]), agus go háirithe pointe 14 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas,

(1) Bunaíodh le hAirteagal 13 Rialachán (AE, Euratom) Uimh 1311/2013 ón gComhairle ([2]) Corrlach Teagmhais suas le 0.03 % d'Ollioncam Náisiúnta an Aontais.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle, ríomh an Coimisiún dearbhmhéid an Chorrlaigh Teagmhais do 2020 ([3]).

(3) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar gach féidearthacht airgeadais eile chun freagairt ar chúinsí gan choinne laistigh den uasteorainn ghealltanais 2020 do cheannteideal 3 (Slándáil agus Saoránacht) den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) agus ag féachaint don Chorrlach Foriomlán le haghaidh Gealltanas a shlógadh i gcomhair an mhéid iomláin de EUR 2 392 402 163 atá ar fáil in 2020 agus an Ionstraim Sholúbthachta i gcomhair an mhéid iomláin de EUR 1 094 414 188 atá ar fáil in 2020, is gá an Corrlach Teagmhais a shlógadh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a eascraíonn ó ráig COVID-19 trí na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a mhéadú i mbuiséad ginearálta an Aontais don bhliain 2020, os cionn uasteorainn cheannteideal 3 CAI.

(4) Ag féachaint don chás an-sonrach sin, tá coinníoll na rogha deiridh a leagtar amach in Airteagal 13(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 comhlíonta.

(5) Tá an cinneadh seo nasctha le maoiniú a áirítear i mbuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain 2020. Chun an comhleanúnachas leis an mbuiséad leasaitheach a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ar dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2020, déanfar an Corrlach Teagmhais a shlógadh chun an méid de EUR 714 558 138 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a sholáthar os cionn uasteorainn ghealltanais cheannteideal 3 (*Slándáil agus Saoránacht*) an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil.

Airteagal 2

Déanfar an méid iomlán de EUR 714 558 138 dá dtagraítear in Airteagal 1 a fhritháireamh i gcoinne an chorrlaigh faoi uasteorainn ghealltanais na bliana airgeadais 2020 faoi cheannteideal 5 (*Riarachán*) den chreat airgeadais ilbhliantúil.

([1]) IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

([3]) Cumarsáid ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 15 Bealtaine 2019 maidir leis an gcoigeartú teicniúil den chreat airgeadais do 2020 de réir gluaiseachtaí in OIN (COM(2019)0310).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 17 Aibreán 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Aibreán 2020,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán]*
D. M. SASSOLI	G. GRLIĆ RADMAN

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA